STRAITÉIS NA GAEILGE DO CHOMHALTAS NA MAC LÉINN, OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DRÉACHT

EANÁIR 2022

CLÁR **LCH.**

BUÍOCHAS 3

BROLLACH Ó UACHTARÁN AN CHOMHALTAIS, RÓISÍN NIC LOCHLAINN 4

FÍS DON GHAEILGE I gCOMHALTAS NA MAC LÉINN 5

AN GHAEILGE AGUS BEARTAIS AN CHOMHALTAIS 5

RÉIMSÍ A dTABHARFAR TÚS ÁITE DÓIBH 6

- ÚSÁID 6
- FOGHLAIM 7
- FREASTAL 7

BEARTAS TEANGA AN CHOMHALTAIS 8

- POBAL 8
- SEIRBHÍSÍ 9
- IONADAÍOCHT 9

Buíochas

Ní bheadh an straitéis seo indéanta gan an-chuid cabhrach ó liosta fada daoine.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coiste na Gaeilge, go háirithe Aislinn Cox, Julieanne Molloy, agus Kate Gaughan as a gcuid ionchuir léirsteanaigh. Ar ndóigh, bhí an Coiste Feidhmiúcháin i gComhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh thar a bheith cabhrach, agus ba í Róisín Nic Lochlainn an comhoibrí foirfe don tionscadal seo.

Is é an saineolas a thug go leor daoine an bonn atá faoin bplean seo. Ina measc siúd, tá Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge agus Bord Iontaobhaithe OÉ Gaillimh), Caolán Mac Griann (Conradh na Gaeilge), Caroline Ní Fhlatharta (Oifigeach Gaeilge OÉ Gaillimh), agus Grian Ní Dhaimhín (AMLÉ).

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a thabhairt do Chiarán Ó hÓgartaigh agus do Phól Ó Dochartaigh as an tacaíocht leanúnach a thugann siad do gach a mbaineann leis an nGaeilge.

Brollach ó Uachtarán an Chomhaltais, Róisín Nic Lochlainn

Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeilge riamh i gComhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh. Is é OÉ Gaillimh an t-aon ollscoil dhátheangach ar ár n-oileán agus táimid an-bhródúil as sin. Táimid fite fuaite i bpobal na Gaeilge agus sna Gaeltachtaí, agus is cuid lárnach dhomhain dár bhféiniúlacht agus dár n-obair anseo é sin. Glacaimid leis go bhfuil muid mar chuid de shaol na Gaeilge lenár mbaill, agus ba mhaith linn an deis a thabhairt do **chách** ár dteanga a fhoghlaim agus grá a chothú di. Saol trí Ghaeilge atá uainn.

Ach, aithnímid go bhfuil níos mó le déanamh. Leagtar amach sa straitéis trí bliana seo an bealach a bhfuil sé beartaithe againn é sin a dhéanamh. Táimid fíorbhuíoch de gach uile dhuine a bhí páirteach i gcur le chéile na straitéise seo, agus táim ag tnúth go mór lenár n-uaillmhianta go léir a chur i bhfeidhm. Míle buíochas ó chroí libh.

Fís don Ghaeilge i gComhaltas na Mac Léinn

- Go mbeidh gach mac léinn in ann a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an gComhaltas.
- Go mbeidh deiseanna ar fáil go leanúnach chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.
- Gach seirbhís a chuireann an Comhaltas ar fáil, go mbeidh sí ar fáil as Gaeilge.

An Ghaeilge agus Beartais an Chomhaltais

Tá go leor beartais de chuid an Chomhaltais le himeacht na mblianta, chomh maith leis an mBunreacht, mar bhonn agus mar thaca ag an straitéis teanga seo:

- An Bunreacht:
    - 3. Bunchuspóirí (vi): Dícheall a dhéanamh rochtain chóir, chothrom ar an oideachas a spreagadh agus a bhaint amach i ngach uile earnáil de mhuintir na hÉireann trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla.
    - 7. An Coiste Feidhmiúcháin (v): An fo-alt iomlán
    - 18. Ginearálta (B.): Beidh dhá teanga oifigiúla chothroma ag an gComhaltas, .i. Gaeilge agus Béarla.
    - 18. Ginearálta (C): Cuirfear gach ábhar oifigiúil de chuid an Chomhaltais, cibé acu i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Beartas chun tagairt do Chomhaltas na Mac Léinn i nGaeilge i ngach doiciméad oifigiúil
- Beartas chun tagairt don Chomhairle i nGaeilge
- Beartas chun tagairt do na scoileanna i nGaeilge amháin
- Beartas chun an leagan Gaeilge de ríomhphoist a úsáid (@oegaillimh.ie)
- Sainordú go mbeidh ar gach oifigeach lán-aimseartha ranganna Gaeilge a dhéanamh i rith a dtéarma.

Réimsí a dtabharfar tús áite dóibh:

Úsáid:

Cuspóir	**Bliain a haon**	**Bliain a dó**	**Bliain a trí**	**Go leanúnach / Sprioc deiridh**
Suíomh gréasáin dátheangach	✓	Nuashonraithe go rialta	Nuashonraithe go rialta	
Comharthaí dátheangach san oifig	Seiceáil a bhfuil le huasdátú agus ordaigh na comharthaí.			
Biachlár dátheangach in Smokey's agus in Sult	✓	✓	✓	
Comhfhreagras dátheangach (m.sh. r-phoist, preaseisiúintí, na meáin shóisialta, póstaeir)	Go mbeidh 25% de gach comhfhreagras dátheangach nó i nGaeilge amháin.	Go mbeidh 50% de gach comhfhreagras dátheangach nó i nGaeilge amháin.	Go mbeidh 75% de gach comhfhreagras dátheangach nó i nGaeilge amháin.	✓ Go mbeidh gach comhfhreagras dátheangach nó i nGaeilge amháin.
Forbairt a dhéanamh ar Choiste na Gaeilge	A mheas cén fhorbairt a ndíreofar uirthi sa bhliain seo – a bheith níos mó nó níos doimhne.			Grúpa mac léinn atá sásta cabhair a thabhairt le gach gné den Ghaeilge.
Feachtas a chur le chéile maidir le húsáid laethúil na Gaeilge				✓
Dhá seachtain téama a mbeidh baint acu leis an nGaeilge gach bliain acadúil (Gaelseachtain agus Seachtain na Gaeilge)	✓	✓	✓	
Fáil ar dhá imeacht lánGhaeilge ar a laghad i ngach seachtain téama	✓	✓	✓	

Scéim an Ghaelcharad a fhorbairt				✓

Foghlaim

Cuspóir	**Bliain a haon**	**Bliain a dó**	**Bliain a trí**	**Go leanúnach / sprioc deiridh**
Go mbeidh ranganna Gaeilge ar fáil do gach mac léinn			Go mbeidh siad saor in aisce agus go gcuirfidh an ollscoil ar fáil iad	✓
Go mbeidh sé de rogha ag baill foirne an Chomhaltais ranganna Gaeilge a dhéanamh				✓
CÉIM	Ba cheart don Chomhaltas, gan mhoill mhíchuí, breathnú go mion ar na féidearthachtaí maidir le CÉIM a chur ar fáil do mhic léinn Ghaeilge.			Go mbeidh CÉIM ar fáil i dtaca le gach cúrsa Gaeilge.
Feachtas faoin nGaeilge a fhoghlaim				✓
Gradam Gaeilge do chumainn agus do chlubanna		✓	✓	

Freastal

Cuspóir	**Bliain a haon**	**Bliain a dó**	**Bliain a trí**	**Go leanúnach / sprioc deiridh**
Go mbeidh 25% den fhoireann i ngach aonad de SUCCS in ann Gaeilge a labhairt			✓	
Go ndéanfaidh an Comhaltas stocaireacht go mbeidh spásanna				✓ Go mbeidh spás sóisialta ann, ag teacht le plean

sóisialta ar fáil do ghaeilgeoirí				teanga na hOllscoile.
Go ndéanfaidh an Comhaltas stocaireacht go mbeidh suíochán ag Oifigeach na Gaeilge ar an gComhairle Acadúil nó go mbeidh ionadaí ann a bhfuil buneolas ar an nGaeilge aige.	Ionadaithe ranga a bhfuil Gaeilge acu a spreagadh le rith,		✓	ag féachaint leis an suíochán a fháil.
Go cuirfidh an Comhaltas ranganna breise chun cinn ar an suíomh gréasáin.	✓	✓	✓	
Gaeilge a chur chun cinn i measc na gcumann agus na gclubanna				✓ Oifigeach Gaeilge ar gach coiste.
Níos mó daoine a mhealladh chuig ranganna Gaeilge	134 mac léinn idir seimeastar 1 agus a 2 in 2021-22. Méadú 20% air sin – chabhródh dhá rang ag bunleibhéal	Méadú 20% air sin.	Méadú 20% air sin.	✓ Go mbeidh sé de rogha ag gach uile mhac léinn ranganna Gaeilge a fháil

Beartas Teanga an Chomhaltais

Pobal

- Ba cheart don Chomhaltas dul i dteagmháil leis na meáin Ghaeilge a oiread agus is féidir.
- Comhoibriú le comhlachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn, amhail Conradh na Gaeilge, an Ollscoil agus an Cumann Gaelach.
- Ba chóir don Chomhaltas cur le chéile le AMLÉ agus le haontais sa Tuaisceart ar an bhfeachtas ‘Acht Anois’.
- Gach uair a dhéanfar an straitéis seo a uasdátú, déanfaidh an Comhaltas suirbhé chun seiceáil ar phobal na Gaeilge ar an gcampas, agus chun a fháil amach cén chaoi a mothaíonn siad faoin nGaeilge ar an gcampas.

Seirbhísí

- Bainfear úsáid as an nGaeilge ar bhealach chomh praiticiúil agus is féidir ag gach imeacht de chuid Chomhaltas na Mac Léinn – lena n-áirítear cruinnithe den Chomhairle, cruinnithe de Choiste Feidhmiúcháin an Chomhaltais, seachtainí téama, ach gan a bheith teoranta dóibh – ba cheart tús áite a thabhairt don Ghaeilge i dteidil na n-imeachtaí seo, amhail 'an Chomhairle' agus 'an Coiste Feidhmiúcháin', chomh maith le gach post leis an gComhaltas.
- Ba chóir do bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu an méid sin a chur in iúl le suaitheantas nó le siombail 'G'.

Ionadaíocht

- Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge mar mhír ar an gclár oibre ag gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin/den Chomhairle.
- Déanfaidh Oifigeach na Gaeilge cruinniú de Choiste Gaeilge Chomhaltas na Mac Léinn a thionól trí huaire ar a laghad in aghaidh an tseimeastair.
- Ba cheart d'Oifigeach na Gaeilge a bheith ar an gCoiste Gnó i gcónaí.

- Is féidir le hOifigeach na Gaeilge cur leis an straitéis seo ach ní ceadmhach dó nithe a bhaint di ach amháin i gcás nach bhfuil an t-eolas ábhartha a thuilleadh, i.e. tar éis sprioc a bhaint amach.